A Sholáthraí dhil, a chara,

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag uasghrádú a cuid córas airgeadais. Déanfar an togra seo a chur i bhfeidhm in dhá chéim.

**Céim 1** - Meáitseáil Sonrasc a Thabhairt Isteach (Lún - MFómh '17)

**Céim 2*** - an córas uasghrádaithe le haghaidh bainistíocht airgeadais a chur i bhfeidhm. (Ean - DFómh '17).

Mar thoradh ar an uasghrádú seo, ní bheidh córais airgeadais na Comhairle ar fáil go ceann tamaill i mí Dheireadh Fómhair (féach thíos fá choinne sonraí).

Tá **Céim 1** chóir a bheith curtha i gcrích. Ón **25 Meán Fómhair** is gá do sholáthraithe:-

- Gach sonrasc agus nóta creidmheasa a chur isteach chuig :

  **An Lár-Oifig Sonrasc**
  **Comhairle Contae Dhún na nGall**
  **Leifear**
  **Co. Dhún na nGall**
  **F93 Y622**

- Déan cinnte go bhfuil Uimhir Ordú Ceannaigh bailí ar gach Sonrasc, Nota Creidmheasa agus Nóta Seachadta. Aon sonrasc a chuirtear isteach gan uimhir ordú ceannaigh leis, seolfar ar ais é. Cuirfidh sé seo moill ar íocaíocht.

- Déan cinnte go bhfuil gach sonrasc bailí de réir Alt 66(1) den Acht Comhdhlúite Cáin Bhreisluacha 2010, agus go háirithe na forálacha atá leagtha amach in Alt 20 (2) d'Ionstram Reachtúil 639/2010 etc (*http://www.revenue.ie/en/vat/vat-records-invoices-and-credit-notes/invoices/what-information-is-required-on-a-vat-invoice.aspx*)

Aithníonn an Chomhairle gur cuireadh isteach ar roinnt eagraíochtaí de bharr na dtuilte ag deireadh mhí Lúnasa. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirt leis na heagraíochtaí seo chun aon dúshlán a chuireann an t-uasghrádú seo rompu a mhaolú agus a laghdú.

Is iad na sonraí teagmhála atá ag an Lár-Oifig Sonrasc ná:

**Rphost:** donegalcim@donegalcoco.ie
**Seoladh:** Mar thuas
**Guthán:** 074 9153900

Is mise le meas

*Garry Martin*

**Garry Martin CPFA**
Stiúrthóir Airgeadais, Córas Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála.

**Céim 2* - an córas uasghrádaithe le haghaidh bainistíocht airgeadais a chur i bhfeidhm.**

Cuirfear tús leis an athrú go dtí an bogearra uasghrádaithe ar an 13 Deireadh Fómhair 2017 agus beidh córas airgeadais na Comhairle as feidhm go ceann tréimhse 6 lá oibre.

Tiocfaidh bogearra uasghrádaithe na Comhairle i bhfeidhm ar an 23 Deireadh Fómhair 2017.

**Cad é is ciall leis seo duitse mar Sholáthraí?**

Le linn na tréimhse seo (ó 13/10/2017 - 23/10/2017) ní bheidh an Chomhairle in ann aon Sonrasc, Nóta Creidmheasa etc a phróiseáil. Ni bheidh an Chomhairle in ann aon íocaíocht a eisiúint.

Ba chóir duit a thabhairt faoi deara gur sonraisc bhailí amháin atá curtha isteach roimh an 6 Deireadh Fómhair 2017 a phróiseálfar roimh an druidim síos ar an 13 Deireadh Fómhair 2017.

Aon sonrasc a gheofar ***i ndiaidh an 6 Deireadh Fómhair 2017 ní phróiseálfar é go dtí i ndiaidh 23 Deireadh Fómhair 2017,*** agus próiseálfar é de réir riachtanais chonartha.